# Topaic 13: Orduithe

## Feidhmeanna

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang conas:*

| | |
|---|---|
| 13.1 | ~ orduithe a thabhairt do pháistí |
| 13.2 | ~ orduithe ginearálta a thabhairt |
| 13.3 | ~ orduithe a thabhairt sa teach |
| 13.4 | ~ foláireamh a thabhairt do dhuine |

## An ghramadach

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

- An Modh Ordaitheach, uatha agus iolra, dearfach agus diúltach: ***cas, téigh, lean, imigh, casaigí, téigí, leanaigí, imigí, ná cas, ná téigh, ná lean, ná himigh…***
- An Aidiacht shealbhach: **nígí bhur n-aghaidh, d'aghaidh, bhur n-aghaidh…**

## Stór focal:

*San aonad seo foghlaimeoidh an rang:*

Orduithe: ***bí, déan, imigh, ith, ól, nigh, glan, téigh, tar, suigh, fan, dún/druid, oscail, múch, tabhair, cuir, faigh, coimhéad, seachain***

## Beidh an foghlaimeoir in ann…

| | |
|---|---|
| Labhairt | Orduithe simplí a thabhairt do dhaoine fásta agus do pháistí. Orduithe simplí a thabhairt sa teach. Foláireamh a thabhairt do dhuine. |
| Cluastuiscint | Orduithe simplí agus foláireamh a thuiscint. |
| Léamhthuiscint | Orduithe a bhíonn le feiceáil go coitianta a thuiscint. Mar shampla: *Ciúnas*! *Seachain do cheann*! agus araile. |

## 13.1 Ag tabhairt orduithe do pháistí

**(A)** Múin don rang conas ordú a thabhairt do dhuine amháin. Mínigh dóibh gur le páistí is mó a bhaintear úsáid as cuid de na horduithe seo

- Léirigh agus mínigh na rudaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| *Seas suas.* | *Suigh síos.* |
| *Fan i do sheasamh.* | *Fan i do shuí.* |

- Abair le daoine aonair sa rang seasamh suas nó suí síos, mar shampla:

*A Chiaráin, seas suas. Anois suigh síos.*


© OÉ Má Nuad

*A Chaitríona, seas suas. Fan i do sheasamh.*
*A Chiaráin, fan i do shuí.*
*A Chaitríona, suigh síos.*

- Déan cleachtadh ar an méid sin le daoine eile sa rang go dtí go bhfuil tuiscint mhaith ag an rang ar na horduithe sin.
- Ansin múin don rang conas orduithe a thabhairt do bheirt nó níos mó:

*A Chiaráin agus a Chaitríona, seasaigí suas.*
*Fanaigí in bhur seasamh ar feadh deich soicind.*
*Anois, suígí síos.*

- Cleachtaigh le beirteanna eile sa rang.
- Ansin cleachtaigh leis an rang ar fad le chéile.



**Gníomhaíocht 13.1(A): *Simple Simon Says*: Cluastuiscint**

***Réamhullmhúchán:***

- Mínigh orduithe eile trí mheán na geáitsíochta:

*Bí/Bígí ciúin.* (Corrmhéar ar bheola)
*Oscail/Osclaígí an leabhar.*
*Dún/Dúnaigí an leabhar.*
*Féach/Féachaigí orm.* (Lámh ós cionn malaí na súile amhail mairnéalaigh ag breathnú ar íor na spéire.)
*Éist/Éistigí liom.* (Lámh taobh thiar den chluas.)
*Bí/Bígí ag caint.* (Méara ag bogadh suas síos ar an ordóg ar nós béil ag cabaireacht.)
*Cuir/Cuirigí suas bhur lámha.* (Lámh san aer.)
*Nigh/Nígí bhur lámha.* (Lámha a fháisceadh le chéile amhail duine ag ní lámh.)
*Glan/Glanaigí an bord.* (Lámh amach uait ag cuimilt amhail duine ag cuimilt boird.)
*Cas/casaigí timpeall.*
*Téigh/Téigí a chodladh.* (Súile a dhúnadh agus cloigeann a chur ar lámha ceangailte.)
*Ith/Ithigí suas go beo.* (Ag ligint ort go bhfuil tú ag cogaint.)


- Déan na geáitsí do na horduithe uilig a chleachtadh leis an rang.

***Gníomhaíocht:***


- Tá an cluiche seo beagáinín ar nós *Simple Simon Says*.
- Iarr ar an rang éisteacht leat ag tabhairt orduithe dóibh.
- Mínigh don rang os rud é go bhfuil tú ag labhairt le grúpa daoine gur cheart duit an fhoirm iolra den ordú a úsáid i gcónaí.
- Nuair a chloiseann siad ordú san iolra déanann siad an gheaitsíocht chuí.

© OÉ Má Nuad


- Má thugann tú ordú san uatha níor cheart dóibh an t-ordú a leanúint: mar shampla, '*Seas suas'*.
- Aon duine a leanann an t-ordú san uatha díbrítear iad as an gcluiche!
- An duine deireanach fágtha ina s(h)easamh buaiteoir an chluiche.
- Tosaíonn tú an cluiche le *'Seasaigí suas'* agus leanann tú ar aghaidh ag meascadh an oird ina dtugann tú na horduithe.
- Éinne atá rómhall ag déanamh an gheáitse chuí, díbrítear iad as an gcluiche agus fanann siad ina suí don chuid eile de na horduithe.
- Nuair atá greim ag an rang ar a bhfuil i gceist, is féidir ansin iarraidh ar dhuine muiníneach sa rang na horduithe a thabhairt do bhabhta eile den chluiche más cuí.

**Gníomhaíocht 13.1(B): Máthair agus páiste: Cluastuiscint/Léamhthuiscint**

- Bíodh cóip de **Bhileog 13.1(B): Máthair agus páiste** déanta agat do gach duine sa rang.
- Tabhair am dóibh an liosta orduithe ar an mbileog a léamh.
- Iarr orthu ansin éisteacht le Clíona ag labhairt lena hiníon, Sadhbh.
- Caithfidh na foghlaimeoirí tic a chur in aice leis na horduithe a chloiseann siad.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht nuair a bheidh an rang réidh.

**Gníomhaíocht 13.1(C): Athair agus páiste: Agallamh réamhdhéanta**

- Bíodh cóip de **Bhileog 13.1(C): Athair agus páiste** déanta agat do gach duine sa rang.
- Léigh tríd an agallamh réamhdhéanta leis an rang agus mínigh aon rud nua.
- Ansin roinn an rang i mbeirteanna, A agus B, agus tabhair ról an athar do A agus ról an pháiste do B.
- Ba cheart dóibh an t-agallamh a chleachtadh le chéile uair amháin.
- Ansin ba cheart dóibh róil a mhalartú.
- Má tá tuilleadh cleachtaidh ag teastáil, bogadh Lucht A deiseal chun cleachtadh leis an chéad B eile.

**Gníomhaíocht 13.1(D): Foghraíocht: 'i' v. 'í'**

***Réamhullmhúchán:***

- Cuir cóip de **Bhileog 13.1(D): Foghraíocht** ar an osteilgeoir nó tabhair cóip do gach duine sa rang.

***Gníomhaíocht:***

© OÉ Má Nuad

- Abair leis an rang éisteacht leatsa nó leis an nguth ar an DD (***CUID A***) ag rá liosta na bhfocal seo a leanas a bhfuil an fhuaim (litir) '*i*' iontu uilig:

  *ith, i Meiriceá, bith, cith, pictiúr, bricfeasta, milseog, bille, biseach, dinnéar*

- Abair leo na focail a rá i do dhiaidh anois agus an liosta a léamh ag an am céanna.
- Ansin abair leo éisteacht leis na horduithe seo a leanas (***CUID B*** ar an DD) agus an liosta a léamh ag an am céanna:

  *Suigh – suígí*
  *Nigh – nígí*
  *Luigh – luígí*

- Tá fuaim an '*i*' difriúil sna focail seo mar tá fada ar an nguta ('*í*') ag deireadh na bhfocal agus tá '*igh*' i gceist chomh maith. I roinnt canúintí is ionann '*igh*' agus '*í*'.
- Anois abair leo éisteacht leis na focail seo a leanas (***CUID C*** ar an DD):

  *Bí – bígí,*
  *éirigh - éirígí,*
  *tosaigh - tosaígí,*
  *críochnaigh – críochnaígí*

- Fuaimnítear an défhoghar '*ia*' mar '*í-a*'. Anois abair leo éisteacht leis na focail seo a leanas (***CUID D*** ar an DD):

  *pian, Brian, Cian, grian*


- Cleachtaigh na focail ar fad sa ghníomhaíocht seo uair amháin eile (leis an rang ag déanamh aithrise ort).

## 13.2 Orduithe ginearálta a thabhairt

**(A)** Téigh siar ar na briathra seo a leanas leis an rang:

*tosaigh, stop, oscail, dún, cuir, fág, faigh, scríobh*

(Féach **Topaic 6: An Saol Laethúil** agus **Topaic 8: Cúrsaí Oibre**)

**Gníomhaíocht 13.2(A): Orduithe don rang**

- Iarr ar an rang déanamh de réir mar a ordaíonn tú dóibh a dhéanamh:


© OÉ Má Nuad

*Osclaígí bhur leabhair nótaí.*
*Faighigí pinn.*
*Tosaigí ag scríobh.*
*Stopaigí ag scríobh.*
*Fágaigí bhur bpinn ar an mbord.*
*Dúnaigí na leabhair nótaí.*
*Cuirigí na leabhair nótaí ar ais i bhur málaí.*

- Roghnaigh duine sa rang leis na horduithe a thabhairt don rang.
- Roghnaigh duine sa rang agus abair leo na horduithe a thabhairt do dhuine aonair sa rang, mar shampla:

  *A Shíofra, oscail do leabhar nótaí,* agus araile.

- Déan cleachtadh ar na horduithe le cúpla mac léinn eile.

**Gníomhaíocht 13.2(B): Orduithe ginearálta eile: Obair bheirte**
***Réamhullmhúchán:***

- Múin na horduithe seo a leanas don rang:

  *Tar anseo.*
  *Tar isteach.*
  *Fan nóiméad.*
  *Imigh leat.*
  *Déan deifir./Brostaigh ort.*

***Gníomhaíocht:***

- Roinn an rang i mbeirteanna, A agus B.
- Cuir gach beirt ina seasamh os comhair a chéile.
- Abair le A orduithe a thabhairt do B.
- Ba cheart do B an gníomh atá i gceist a dhéanamh nó ligean air/uirthi féin go bhfuil an gníomh á dhéanamh aige/aici.
- Iarr orthu róil a mhalartú tar éis tamaill.

## 13.3 Ag tabhairt orduithe sa teach


**(A)** Múin roinnt orduithe don rang a bhaineann leis an teach:

*Oscail an doras/an fhuinneog/an cófra.*
*Dún an doras/an fhuinneog/an cófra.*
*Cuir an solas ar siúl.*


© OÉ Má Nuad

*Múch an solas.*
*Téigh isteach sa chistin.*
*Téigh suas/síos staighre.*
*Fág an solas ar siúl.*

- Cleachtaigh na horduithe go dtí go bhfuil an rang compordach, muiníneach leo.

**Gníomhaíocht 13.3(A): Séamus as baile: Cluastuiscint/Léamhthuiscint**

- Bíodh cóip de **Bhileog 13.3(A): Séamus as baile: Cluastuiscint/Léamhthuiscint** déanta agat do gach duine sa rang.
- Mínigh don rang go bhfuil Séamus ag dul as baile ar feadh cúpla lá.
- Tá a chara Terry chun aire a thabhairt don mhadra dó.
- Tá Séamus ag cur glaoch ar Terry chun treoracha a thabhairt dó, níl Terry istigh agus fágann Séamus na treoracha ar an ngléas freagartha.
- Caithfidh an rang éisteacht le Séamus agus uimhir a chur leis na horduithe de réir mar a chloiseann siad iad.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht nuair a bheidh an rang réidh.

**Gníomhaíocht 13.3(B): Séamus as baile arís!: Scríbhneoireacht**


- Bíodh cóip de **Bhileog 13.3(B): Séamus as baile arís!** déanta agat do gach duine sa rang.
- Abair leo an t-ordú ceart a scríobh in aice le gach ceann de na pictiúir ar an mbileog.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht nuair a bheidh an rang réidh.

## 13.4 Ag tabhairt foláirimh do dhuine

**(A)** Múin cúpla foláireamh don rang:


*Seachain an tine!*
*Coimheád, tá carr ag teacht!*
*Bí cúramach, tá an bus ag teacht!*
*Seachain do chloigeann!*

© OÉ Má Nuad




### Gníomhaíocht 13.4(A): Fógraí coitianta: Léamhthuiscint

- Bíodh cóip de **Bhileog 13.4(A): Fógraí coitianta** déanta agat le húsáid ar an osteilgeoir.
- Abair leis an rang breathnú ar na fógraí.
- Mínigh don rang a bhfuil i gceist leis na fógraí coitianta seo.



### Gníomhaíocht 13.4(B): Súil siar: Léamhthuiscint

- Bíodh cóip de **Bhileog 13.4(B): Súil siar** déanta agat le húsáid ar an osteilgeoir/déan cóip do gach duine sa rang.
- Caithfidh an rang an pictiúr ceart a chur leis an ordú cuí.
- Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh mar ghníomhaíocht ranga, ag baint úsáide as an osteilgeoir, nó mar ghníomhaíocht aonair (ar pháipéar).
- Ceartaigh an ghníomhaíocht nuair a bheidh an rang réidh.



### Gníomhaíocht 13.4(C): Príomhchócaire agus fo-chócaire sa chistin: Cleachtadh cainte

- Bíodh cóip de **Bhileog 13.4(C): Príomhchócaire agus fo-chócaire sa chistin** déanta agat do gach duine sa rang.
- Roinn an rang i mbeirteanna, A agus B, chun na hagallaimh réamhdhéanta seo a leanas a chleachtadh. Tabhair Ról A, an príomhchócaire do dhuine amháin agus Ról B an fo-chócaire don duine eile.
- Nuair a bheidh cleachtadh amháin déanta acu, bogadh lucht A deiseal chuig an chéad B eile agus cleachtaídis sna róil céanna go dtí go bhfuil siad compordach, muiníneach sna róil sin.
- Ansin, abair leo róil a mhalartú.

© OÉ Má Nuad